CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/181 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Feabhra 2022

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le gluaiseachtaí áirithe d'ainmhithe uisceacha idir na Ballstáit nó idir codanna díobh faoi réir bearta náisiúnta agus Iarscríbhinn I a ghabhann leis a mhéid a bhaineann le stádas galair na hÉireann i ndáil le víreas heirpéis oisre-1µvar (OsHV-1µvar)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 226(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard a bhunaítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún ([2]) liostaí na mBallstát agus na gcodanna díobh a mheastar a bheith saor ó ghalair áirithe ainmhithe uisceacha, nach liostaítear faoi Airteagal 9(1), pointe (d) de Rialachán (AE) 2016/429, nó atá faoi réir clár díothaithe maidir leis na galair sin.

(2) Go háirithe, is éard a leagtar síos le hAirteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 na coinníollacha faoinar féidir speicis ainmhithe uisceacha atá soghabhálach i leith na galar sin a aistriú idir na Ballstáit nó idir codanna díobh, lena n-áirítear an ceanglas go mbeidh na hainmhithe sin de thionscnamh Ballstáit nó cuid de a liostaítear a bheith saor ó na galair sin.

(3) Mar sin féin, léiríonn caighdeáin na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) ([3]) agus an taithí phraiticiúil nach gá i gcónaí, ó thaobh sláinte ainmhithe de, d'ainmhithe uisceacha beo agus a ngaiméití a bheith de thionscnamh limistéar atá saor ó ghalar má tá siad le haistriú chuig limistéar atá saor ó ghalar cheana féin nó faoi réir clár díothaithe. I gcásanna áirithe agus maidir le galair áirithe, d'fhéadfaí gur leor ainmhithe uisceacha a chur ar coraintín i mbunaíocht dobharshaothraithe arna formheas i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 ón gCoimisiún ([4]), uibheacha a dhíghalrú, nó ainmhithe uisceacha a choimeád in uisce le salandacht áirithe faoi dhálaí a leagtar síos, chun an riosca galair a mhaolú.

(4) Dá bhrí sin, is iomchuí Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 a leasú, chun na bearta maolaithe riosca sin a chur san áireamh, chun trádáil shábháilte na dtráchtearraí sin a éascú.

(5) Ina theannta sin, d'iarr Éire ar an gCoimisiún "Deighleog 5: Cuan na Beirtrí Buí agus Cuan na Gaillimhe", a scriosadh ó liosta na ndeighleog atá saor ó Víreas heirpéis oisre-1µvar (OsHV-1µvar) in Éirínn, agus Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun feidhme (AE) 2021/260 a leasú dá réir sin. Rinneadh an iarraidh sin ar chúiseanna tráchtála seachas de dheasca ráig ghalair.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 a leasú dá réir sin.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 ón gCoimisiún an 11 Feabhra 2021 lena bhformheastar bearta náisiúnta arna gceapadh chun an tionchar a bhíonn ag galair áirithe ainmhithe uisceacha a theorannú i gcomhréir le hAirteagal 226(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/221/AE ón gCoimisiún (IO L 59, 19.2.2021, lch. 1).

([3]) *OIE Aquatic Animal Health Code, 2021*, an 23ú Eagrán.

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le bunaíochtaí dobharshaothraithe agus iompróirí ainmhithe uisceacha (IO L 174, 3.6.2020, lch. 345).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/260 mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"*Airteagal 4*

Gluaiseachtaí d'ainmhithe uisceacha de speicis shoghabhálacha idir na Ballstáit nó codanna díobh atá faoi réir beart náisiúnta lena n-áirítear cláir dhíothaithe

1. Ainmhithe uisceacha de speicis atá soghabhálach i leith galar faoi leith a liostaítear sa dara colún d'Iarscríbhinn III, ní aistreofar iad chuig na Ballstáit nó codanna díobh a liostaítear sa dara colún nó sa ceathrú colún de na táblaí in Iarscríbhinní I nó II ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) is de thionscnamh Ballstáit nó cuid de atá siad, Ballstát nó cuid de a liostaítear sa dara colún nó sa cheathrú colún den tábla in Iarscríbhinn I a bheith saor ón ngalar i gceist;

(b) tá deimhniú oifigiúil arna eisiúint ag údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh ag gabháil leo, deimhniú arna dhréachtú i gcomhréir leis an deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach iomchuí a leagtar amach i gCaibidlí 1, 2, 3 nó 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón gCoimisiún ([5]), ina shonraítear na ráthaíochtaí ábhartha maidir leis na bearta náisiúnta i gceist.

2. De mhaolú ar mhír 1, pointe (a), ainmhithe uisceacha de speicis shoghabhálacha i leith galar faoi leith a liostaítear sa dara colún d'Iarscríbhinn III, féadfar iad a aistriú chuig na Ballstáit nó codanna díobh a liostaítear sa dara colún nó sa cheathrú colún de na táblaí in Iarscríbhinní I nó II sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcás ainmhithe uisceacha fiáine, chaith siad tréimhse choraintín i mbunaíocht dobharshaothraithe arna formheas i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 (*);

(b) i gcás na mBallstát nó codanna díobh atá faoi réir bearta náisiúnta maidir le hionfhabhtú le *Gyrodactylus salaris* sna cásanna seo a leanas:

(i) díreach roimh an aistriú, coimeádadh na hainmhithe uisceacha faoi na dálaí a leagtar amach i gCaibidil 10.3., Airteagal 10.3.8., pointe (2) den doiciméad dar teideal *Aquatic Animal Health Code* de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) (**);

(ii) díghalraíodh na huibheacha éisc agus coimeádadh iad ina dhiaidh sin faoi na dálaí a leagtar amach i gCaibidil 10.3., Airteagal 10.3.8., pointe (3) den doiciméad dar teideal *Aquatic Animal Health Code* de chuid OIE.

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/691 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le bunaíochtaí dobharshaothraithe agus iompróirí ainmhithe uisceacha (IO L 174, 3.6.2020, lch. 345).

(**) *OIE Aquatic Animal Health Code, 2021*, an 23ú Eagrán."

2. In Iarscríbhinn I, sa ró ina dtagraítear do Víreas heirpéis oisre-1µvar (OsHV-1µvar), cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hiontrála a bhaineann le hÉirinn.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2236 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha i dtaca le teacht isteach coinsíneachtaí ainmhithe uisceacha agus le hearraí áirithe de bhunadh ainmhíoch ó ainmhithe uisceacha isteach san Aontas agus lena ngluaiseachtaí laistigh den Aontas, i dtaca le deimhniúchán oifigiúil a mhéid a bhaineann leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1251/2008, (IO L 442, 30.12.2020, lch. 410).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an triú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

“Víreas heirpéis oisre -1µvar (OsHV-1 µvar)	Éire	IE	Deighleog 1: Cuan na gCaorach Deighleog 3: Cuan Chill Ala, Bá Chnocán na Líne agus Cuan an Fhóid Duibh Deighleog 4: Cuan Bharr an tSrutha Deighleog A: Gorlann Bhá Thrá Lí”